2025/2356

20.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2356 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Samhain 2025

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/1485 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1485 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2024 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Rúis [1], agus go háirithe Airteagal 17(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1485.

(2) Dearbhaíonn an tAontas an athuair go gcáineann sé go géar na sáruithe ar chearta an duine agus an cos ar bolg sa Rúis.

(3) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart 10 nduine nádúrtha a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2024/1485 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

[1] IO L, 2024/1485, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1485/oj.

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le hIarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1485:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘53.	Andrey Viktorovich POLYAKOV (Андрей Викторович ПОЛЯКОВ)	Post: Ceann an Main Directorate of the Federal Penitentiary Service of the Russian Federation for the Rostov Oblast, Mór-Ghinearál an Internal Service Dáta breithe: 17.6.1970 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: sraith 1815 Uimh. 112026 INN (Uimhir Aitheantais Cánach Rúiseach): 343517128461	Is é Andrey Polyakov Ceann an Main Directorate of the Federal Penitentiary Service of the Russian Federation for the Rostov Oblast (Príomh-Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach Chónaidhme Chónaidhm na Rúise do Réigiún Rostov), lena n-áirítear ionad coinneála réamhthrialach in Taganrog (SIZO-2), ionad coinneála réamhthrialach 1 in Rostov-on-Don (SIZO-1), agus coilíneacht Uimh. 12 in Kamensk Shakhtinsky. Sa phost sin, tá sé freagrach as cosaint chearta na ndaoine atá á gcoinneáil agus a sábháilteacht a áirithiú agus as an ord poiblí a chaomhnú sna foshaoráidí coinneála a ndéanann sé maoirseacht orthu. Sna saoráidí faoi údarás Polyakov, bhí gardaí ag déanamh bascadh go rialta ar Úcránaigh a bhí á gcoinneáil, idir shibhialtaigh agus phríosúnaithe míleata, chomh maith le daoine eile atá á gcoinneáil, agus bhí ganntanas mór bia ann, agus is beag rochtain a bhí acu ar chúram leighis ná ar chúnamh dlíthiúil. Le linn na gceistiúchán, bhí orthu dul i ngleic le comhéigean síceolaíoch agus fisiceach, lena n-áirítear bascadh brúidiúil, turraingí leictreacha, agus bagairtí, agus é mar aidhm acu iallach a chur orthu a admháil go raibh siad páirteach i gcoireanna cogaidh, coireanna sceimhlitheoireachta nó cionta líomhnaithe eile. Áirítear ar na cásanna doiciméadaithe céastóireachta agus drochíde cás an iriseora iniúchaigh ón Úcráin Victoria Volodymyrivna Roshchyna a cailleadh i mí Mheán Fómhair 2024 mar thoradh ar dhrochíde in Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 2 de Phríomh-Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach Chónaidhme do Oblast Rostov in Taganrog. Dá bhrí sin, tá Andrey Polyakov freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, is é sin céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go mór den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
54.	Andrey Vadimovich MIKHAILICHENKO (Андрей Вадимович МИХАЙЛИЧЕНКО)	Post: Leas-Stiúrthóir Slándála agus Oibre Oibríochtúla ar an Pre-Trial Detention Center No. 2 den Main Directorate of the Federal Penitentiary Service for the Rostov Oblast, Cónaidhm na Rúise Dáta breithe: 31.3.1992 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: Sraith 6012 Uimh. 175625 INN (Uimhir Aitheantais Cánach Rúiseach): 615490520223	Tá Andrey Mikhailichenko ag feidhmiú mar Leas-Stiúrthóir Slándála agus Oibre Oibríochtúla den Pre-Trial Detention Center No. 2 (Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 2) de Phríomh-Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach na Cónaidhme do Réigiún Rostov (SIZO-2) in Taganrog na Rúise. Mar bhall de bhainistíocht SIZO-2, tá Mikhailichenko freagrach as céasadh forleathan córasach agus íde eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach a dhéanamh ar dhaoine atá á gcoinneáil san Úcráin, idir shibhialtaigh agus phríosúnaithe míleata, chomh maith le príosúnaithe eile atá á gcoinneáil sa tsaoráid sin. Bíonn siad siúd atá á gcoinneáil in SIZO-2 á mbualadh ag gardaí, bíonn siad thíos le ganntanais mhóra bhia, agus is beag rochtain a bhíonn acu ar chúram leighis ná ar chúnamh dlíthiúil. Le linn na gceistiúchán, bíonn ar phríosúnaithe dul i ngleic le comhéigean síceolaíoch agus fisiceach, lena n-áirítear bascadh brúidiúil, turraingí leictreacha, agus bagairtí, agus é mar aidhm acu iallach a chur orthu a admháil go raibh siad páirteach i gcoireanna cogaidh, coireanna sceimhlitheoireachta nó cionta líomhnaithe eile arb é is aidhm dóibh go léir deireadh a chur le cur i gcoinne fhogha na Rúise faoin Úcráin. Is sárú nó mí-úsáid thromchúiseach ar chearta an duine é an íde sin agus is sárú ar phrionsabal an smachta reachta é. Cailleadh 15 dhuine ar a laghad mar thoradh ar dhrochíde sa tsaoráid, lena n-áirítear an t-iriseoir iniúchaigh ón Úcráin Victoria Volodymyrivna Roshchyna. Mar Leas-Stiúrthóir Slándála agus Oibre Oibríochtúla SIZO-2, tá Andrey Mikhailichenko freagrach as oibríochtaí na saoráide. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
55.	Andrey Sergeevich SAPITSKIY (Андрей Сергеевич САПИЦКИЙ)	Post: Leas-Stiúrthóir Pearsanra agus Saincheisteanna Oibre Oideachais den Pre-Trial Detention Center No. 2 of the Main Directorate of the Federal Penitentiary Service for the Rostov Oblast, Cónaidhm na Rúise Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Bíonn Andrey Sapitskiy, ag feidhmiú mar Leas-Stiúrthóir Pearsanra agus Saincheisteanna Oibre Oibríochtúla Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 2 de Phríomh-Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach na Cónaidhme do Réigiún Rostov (SIZO-2) in Taganrog na Rúise. Mar bhall de bhainistíocht SIZO-2, tá Sapitskiy freagrach as céasadh forleathan córasach agus íde eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach a dhéanamh ar dhaoine atá á gcoinneáil san Úcráin, idir shibhialtaigh agus phríosúnaithe míleata, chomh maith le príosúnaithe eile atá á gcoinneáil sa tsaoráid sin. Bíonn siad siúd atá á gcoinneáil in SIZO-2 á mbualadh ag gardaí, bíonn siad thíos le ganntanais mhóra bhia, agus is beag rochtain a bhíonn acu ar chúram leighis ná ar chúnamh dlíthiúil. Le linn na gceistiúchán, bíonn ar phríosúnaithe dul i ngleic le comhéigean síceolaíoch agus fisiceach, lena n-áirítear bascadh brúidiúil, turraingí leictreacha, agus bagairtí, agus é mar aidhm acu iallach a chur orthu a admháil go raibh siad páirteach i gcoireanna cogaidh, coireanna sceimhlitheoireachta nó cionta líomhnaithe eile arb é is aidhm dóibh go léir deireadh a chur le cur i gcoinne fhogha na Rúise faoin Úcráin. Is sárú nó mí-úsáid thromchúiseach ar chearta an duine é an íde sin agus is sárú ar phrionsabal an smachta reachta é. Cailleadh 15 dhuine ar a laghad mar thoradh ar dhrochíde sa tsaoráid, lena n-áirítear an t-iriseoir iniúchaigh ón Úcráin Victoria Volodymyrivna Roshchyna. Mar Leas-Stiúrthóir Pearsanra agus Saincheisteanna Oibre Oibríochtúla SIZO-2, tá Andrey Sapitskiy freagrach as oibríochtaí na saoráide. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
56.	Aleksandr Aleksandrovich SHTODA (Александр Александрович ШТОДА)	Post: Stiúrthóir ar an Pre-Trial Detention Center No. 2 of the Main Directorate of the Federal Penitentiary Service for the Rostov Oblast, Cónaidhm na Rúise Dáta breithe: 19.11.1980 Náisiúntacht: Rúiseach Pasuimhir: sraith 6001 Uimh. 419633 INN (Uimhir Aitheantais Cánach Rúiseach): 611903638423	Bíonn Aleksander Shtoda, ag feidhmiú mar Stiúrthóir Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 2 de Phríomh-Stiúrthóireacht Sheirbhís Pheannaideach na Cónaidhme do réigiún Rostov (SIZO-2) in Taganrog na Rúise. Tá Shtoda freagrach as céasadh forleathan córasach agus íde eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach a dhéanamh ar dhaoine atá á gcoinneáil san Úcráin, idir shibhialtaigh agus phríosúnaithe míleata, chomh maith le príosúnaithe eile atá nó a bhí á gcoinneáil faoina smacht. Bíonn siad siúd atá á gcoinneáil in SIZO-2 á mbualadh ag gardaí, bíonn siad thíos le ganntanais mhóra bhia, agus is beag rochtain a bhíonn acu ar chúram leighis ná ar chúnamh dlíthiúil. Le linn na gceistiúchán, bíonn ar phríosúnaithe dul i ngleic le comhéigean síceolaíoch agus fisiceach, lena n-áirítear bascadh brúidiúil, turraingí leictreacha, agus bagairtí, agus é mar aidhm acu iallach a chur orthu a admháil go raibh siad páirteach i gcoireanna cogaidh, coireanna sceimhlitheoireachta nó cionta líomhnaithe eile arb é is aidhm dóibh go léir deireadh a chur le cur i gcoinne fhogha na Rúise faoin Úcráin. Is sárú nó mí-úsáid thromchúiseach ar chearta an duine é an íde sin agus is sárú ar phrionsabal an smachta reachta é. Cailleadh 15 dhuine ar a laghad mar thoradh ar dhrochíde sa tsaoráid, lena n-áirítear an t-iriseoir iniúchaigh ón Úcráin Victoria Volodymyrivna Roshchyna. Mar Stiúrthóir ar an SIZO-2, tá údarás ag Aleksander Shtoda ar oibríochtaí na saoráide. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
57.	Timur Savelevich VAKHRAMEEV (Тимур Савельевич ВАХРАМЕЕВ)	Post: Breitheamh i Basmanny District Court, Moscó; Iar-Ghiúistís (Giúistís na Síochána) i gceantar Tagansky Mhoscó Dáta breithe: 13.5.1990 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Bhí baint ag Timur Vakhrameev, breitheamh in Basmanny District Court (Cúirt Dúiche Basmanny) sa Rúis, le roinnt cásanna ionchúisimh arbh í an pholaitíocht ab údar leo, lena bhforchuireadh pianbhreitheanna diana díréireacha ar roinnt daoine aonair agus lena gcuireadh síneadh le coinneáil daoine eile. Ghlac an Breitheamh Vakhrameev páirt in ionchúiseamh éagórach na n-iriseoirí Kirill Martynov agus Dmitry Kolezev, a raibh údar polaitiúil leis, chomh maith leis an ngníomhaí Lyusya Shtein, agus gearradh roinnt blianta príosúnachta ar gach duine acu chun iarracht a dhéanamh an iriseoireacht neamhspleách agus an tsochaí shibhialta sa Rúis a chur ina dtost. Chuir sé síneadh freisin le coinneáil réamhthrialach na ndlíodóirí Vadim Kobzev agus Alexey Liptser, chomh maith leis na hiriseoirí Konstantin Gabov agus Sergei Karelin, i gcásanna arbh í an pholaitíocht ab údar leo, a bhaineann le cniogbheartaíocht ar dhaoine aonair a bhfuil baint acu le Alexei Navalny é féin nó a Fhondúireacht Frith-Éillithe. Ina theannta sin, chuir sé síneadh le coinneáil réamhthrialach Grigory Melkonyants, comhchathaoirleach ghluaiseacht Golos, príomhthionscnamh neamhspleách faire toghcháin na Rúise, mar iarracht shoiléir brú breise a chur ar fhaireachán ar thoghcháin phoiblí sa tír. Sna cásanna thuasluaite ar fad, cuireadh i bhfeidhm antoisceachas nó airteagail chonspóideacha de Chód Coiriúil na Rúise maidir le heagraíochtaí neamh-inmhianaithe, rud a chuireann míchlú ar arm na Rúise. Thairis sin, níos luaithe in 2023, agus é ina bhreitheamh síochána i gCeantar Tagansky i Moscó, bhí ról gníomhach ag Timur Vakhrameev freisin maidir le pionós a ghearradh ar chuideachtaí idirnáisiúnta, mar shampla Wikimedia agus Google, toisc nár bhain siad faisnéis fhíorasach faoi chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin dá n-ardáin. Tá Timur Vakhrameev freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a bhrú faoi chois agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn den daonlathas agus den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2356/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
58.	Artemy Alexeevich TELMINOV (Артемий Алексеевич ТЕЛЬМИНОВ)	Post: Imscrúdaitheoir de chuid Investigative Committee of the Russian Federation Dáta breithe: 30.12.1994 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is Imscrúdaitheoir de chuid Investigative Committee of the Russian Federation (Coiste Fiosrúcháin Chónaidhm na Rúise) é Artemy Telminov, agus bhí baint aige le roinnt ionchúiseamh a rinneadh ar chúiseanna polaitíochta in aghaidh daoine aonair a bhfuil baint acu le Alexei Navalny lena n-áirítear na hiriseoirí Antonina Favorskaya, Olga Komleva, Konstantin Gabov, agus Sergey Karelin, chomh maith leis na dlíodóirí Vadim Kobzev, Alexei Liptser, agus Igor Sergunin. Trína mholadh go ndéanfaí iad a choinneáil nó go gcuirfí síneadh lena dtréimhse coinneála, chuir sé go gníomhach le hiarrachtaí réimeas na Rúise easaontú a chur faoi chois laistigh den tír. Rinneadh imscrúdú ar na daoine ar fad a luaitear thuas agus cúisíodh iad ina dhiaidh sin ar chúiseanna a bhain le bheith rannpháirteach i bpobal nó in eagraíocht antoisceach, nó a bheith rannpháirteach ina ngníomhaíochtaí. I ndáiríre, bhí na cúisimh sin bunaithe ar a ngníomhaíochtaí dleathacha amháin nuair a bhí baint acu le Alexei Navalny agus lena Fhondúireacht in aghaidh an éillithe. Is cleachtas forleathan sa Rúis anois í mí-úsáid na reachtaíochta a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht agus leis an antoisceachas chun an freasúra polaitiúil agus iarrachtaí síochánta na sochaí sibhialta a bhaineann le Navalny a chur faoi chois. Léirítear leis na cásanna thuasluaite go léir patrún comhsheasmhach ionchúisimh arb í an pholaitíocht is cúis leo, lena n-áirítear coinneáil fhada réamhthrialach agus, i gcásanna áirithe, imeachtaí cúirte dúnta. Is sárú tromchúiseach ar chearta an duine é ról gníomhach Artemy Telminov in ionchúiseamh éagórach Antonina Favorskaya, Olga Komleva, Konstantin Gabov, Sergey Karelin, Vadim Kobzev, Alexei Liptser, agus Igor Sergunin a eagrú. Dá bhrí sin, tá sé freagrach go díreach as mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a chur faoi chois sa Rúis.	20.11.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
59.	Boris Ashirbaevich KOZHEVNIKOV (Борис Аширбаевич КОЖЕВНИКОВ)	Post: Leas-Chathaoirleach ar Appellate Military Court of Russia Dáta breithe: 31.8.1964 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is é Boris Kozhevnikov an Leas-Chathaoirleach ar Appellate Military Court of Russia (Cúirt Mhíleata Achomhairc na Rúise). Agus é ina leas-chathaoirleach ar Chúirt Mhíleata Achomhairc na Rúise, dhiúltaigh Boris Kozhevnikov d'achomharc Alexei Gorinov, iar-ionadaí bardasach i gceantar Krasnoselsky i Moscó, ar phianbhreith pholaitiúil. I dtriail a bhí lochtach ó thaobh nós imeachta de, gearradh téarma príosúnachta 3 bliana ar Alexei Gorinov i gcoilíneacht phionósach réimis dhocht faoi Airteagal 205.2 de Chód Coiriúil na Rúise as "bonn cirt a bheith á thabhairt don sceimhlitheoireacht" (aistriúchán neamhoifigiúil). Bhí pianbhreith Alexei Gorinov bunaithe ar ráitis a rinne sé i gcomhrá lena chomrádaithe sa chillín, ar líomhnaíodh ina leith gur aithin sé gur críoch Úcránach í an Chrimé agus gur cuid d'arm na hÚcráine í reisimint Azov. Ina theannta sin, sheas Kozhevnikov leis na pianbhreitheanna príosúnachta a gearradh ar Andrei Boyarshinov, Ibragim Orudzhev, Alexei Nuriev agus Roman Nasryev ar chúiseanna polaitiúla i gcásanna líomhainte a bhain leis an sceimhlitheoireacht. Dá bhrí sin tá Boris Kozhevnikov freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear sáruithe ar an gceart chun saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh, as cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2356/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
60.	Maxim Alexandrovich PANIN (Максим Александрович ПАНИН)	Post: Breitheamh de Appellate Military Court of Russia (Judicial Panel for Criminal Cases) Dáta breithe: 22.2.1982 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Is breitheamh de Chúirt Mhíleata Achomhairc na Rúise é Maksim Panin. Mar chomhalta de phainéal breithiúna Chúirt Mhíleata Achomhairc na Rúise, dhiúltaigh Maksim Panin d'achomharc Alexei Gorinov, iar-ionadaí bardasach i gceantar Krasnoselsky i Moscó, ar phianbhreith pholaitiúil. I dtriail a bhí lochtach ó thaobh nós imeachta de, gearradh téarma príosúnachta 3 bliana ar Alexei Gorinov i gcoilíneacht réimis dhocht faoi Airteagal 205.2 de Chód Coiriúil na Rúise as "bonn cirt a bheith á thabhairt don sceimhlitheoireacht". Bhí pianbhreith Alexei Gorinov bunaithe ar ráitis a rinne sé i gcomhrá lena chomrádaithe sa chillín, ar líomhnaíodh ina leith gur aithin sé gur críoch Úcránach í an Chrimé agus gur cuid d'arm na hÚcráine í reisimint Azov. Ina theannta sin, bhí Panin rannpháirteach ó thaobh daoine eile a ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla. Agus é ina chomhalta den phainéal achomhairc, sheas sé le ciontú Elena Kotenochkina, ar cuireadh ina leith go raibh baint aici leis an "bonn cirt a bheith á thabhairt don sceimhlitheoireacht" trí ábhar a phostáil ar na meáin shóisialta agus ar gearradh pianbhreith 6 bliana agus 11 mhí uirthi, *in absentia*, i gcoilíneacht phionósach. Dheimhnigh Panin freisin gur cuireadh síneadh leis an tréimhse choinneála i gcásanna Polina Yevtushenko, a ionchúisíodh as "bréagnuacht" a scaipeadh faoi arm na Rúise agus "athshlánú an Naitsíochais", agus Enver Krosh, Rinat Aliev agus Vilen Temeryanov, Tataraigh na Crimé a ionchúisíodh as a rannpháirtíocht líomhnaithe i ngrúpa Ioslamach a bhfuil toirmeasc air sa Rúis. Dá bhrí sin tá Maksim Panin freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear sáruithe ar an gceart chun saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh, as cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
61.	Marina Viktorovna USHAKOVA (Марина Викторовна УШАКОВА)	Post: Breitheamh de Appellate Military Court of Russia (Judicial Panel for Criminal Cases) Dáta breithe: 2.5.1979 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Is breitheamh de Chúirt Mhíleata Achomhairc na Rúise í Marina Ushakova. Mar chomhalta de phainéal achomhairc breithiúna de Chúirt Mhíleata Achomhairc na Rúise, dhiúltaigh Marina Ushakova d'achomharc Alexei Gorinov, iar-ionadaí bardasach i gceantar Krasnoselsky i Moscó, ar phianbhreith pholaitiúil. I dtriail a bhí lochtach ó thaobh nós imeachta de, gearradh téarma príosúnachta 3 bliana ar an Alexei Gorinov i gcoilíneacht réimis dhocht faoi Airteagal 205.2 de Chód Coiriúil na Rúise as "bonn cirt a bheith á thabhairt don sceimhlitheoireacht". Bhí pianbhreith Alexei Gorinov bunaithe ar ráitis a rinne sé i gcomhrá lena chomrádaithe sa chillín, ar líomhnaíodh ina leith gur aithin sé gur críoch Úcránach í an Chrimé agus gur cuid d'arm na hÚcráine í reisimint Azov. Ina theannta sin, sheas Ushakova le ciontuithe Nikita Tushkanov, Daniil Bondarenko agus Stanislav Shevchenko, bunaithe ar chúiseanna polaitiúla as "bonn cirt a bheith á thabhairt don sceimhlitheoireacht" ina ráitis ar na meáin shóisialta nó i gcomhráite príobháideacha, go háirithe maidir le pléascadh Dhroichead na Crimé. Dá bhrí sin tá Marina Ushakova freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear sáruithe ar an gceart chun saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh, as cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
62.	Svetlana Sergeevna RYGALOVA (Светлана Сергеевна РЫГАЛОВА)	Post: Ionchúisitheoir de Criminal Judicial Department of the Prosecutor's Office of Vladimir Region, Comhairleoir Ceartais Shóisearaigh Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann	Ghlac Svetlana Rygalova, agus í ina hionchúisitheoir i Prosecutor's Office of the Vladimir Region (Oifig Ionchúisitheora Réigiún Vladimir), páirt in ionchúiseamh Alexei Gorinov, iar-ionadaí bardasach i gceantar Krasnoselsky i Moscó, ar chúiseanna polaitiúla, as a thuairim maidir le cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin a chur in iúl. D'fhormheas an tIonchúisitheoir Svetlana Sergeevna Rygalova an díotáil i gcás coiriúil agus bhí sí i gceannas ar ionchúiseamh Alexei Gorinov faoi Airteagal 205.2 de Chód Coiriúil na Rúise as "bonn cirt a bheith á thabhairt don sceimhlitheoireacht", agus mhol sí go ngearrfaí téarma príosúnachta 3 bliana go leith air. Bhí cás an ionchúisimh bunaithe ar ráitis a rinne Gorinov i gcomhrá lena chomrádaithe sa chillín ar líomhnaíodh ina leith gur aithin sé gur críoch Úcránach í an Chrimé agus gur cuid d'arm na hÚcráine í reisimint Azov. Ar bhonn dhíotáil Svetlana Sergeevna Rygalova, gearradh 3 bliana príosúnachta ar Alexei Gorinov. Dá bhrí sin tá Svetlana Rygalova freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear sáruithe ar an gceart chun saoirse tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh, as cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach, agus as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn go tromchúiseach den smacht reachta sa Rúis.	20.11.2025'.